

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí



INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA, TRÁ LÍ
AN TRÍÚ SCÉIM TEANGA 2018-2021
Faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Clár Ábhar		Lch.
Caibidil 1	Réamheolas / Cúlra	3
1.1	Dáta Tosaigh na Scéime	3
1.2	Ullmhú na Scéime	3
1.3	Cumas Teanga	3
1.4	Forbhreathnú ar ITT	4
Caibidil 2	Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na hInstitiúide	7
Caibidil 3	Achoimre ar Sheirbhísí/Gníomhaíochtaí arna Soláthar ag Rannóga	10
3.1	Réamheolas	10
3.2	Oifig Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora	13
3.3	An Oifig Taighde, Forbartha & Teagmhála Seachtraí	13
3.4	Na Scoileanna Staidéir	13
3.5	An Oifig Ghnóthaí Corparáide	14
Caibidil 4	Monatóireacht agus Athbhreithniú	15
Caibidil 5	Foilsíú na Scéime Comhaontaithe	16

Caibidil 1

Réamheolas / Cúlra

D'ullmhaigh Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí an scéim seo faoi *Alt 15* d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("dá ngairfear an tAcht as seo ar aghaidh"). Forálann an tAcht go n-ullmhaíonn comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina mionsonraítear na seirbhísí a chuirfidh an Comhlacht ar fáil;

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

mar aon le bearta a ghlacfar chun a chinntiú go gcuirfear seirbhís ar bith nach bhfuil á cur ar fáil ag an gcomhlacht trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh de thráthchlár comhaontaithe.

1.1 Dáta Tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosnóidh an scéim seo le héifeacht ón 01 Lúnasa 2018 agus fanfaidh i bhfeidhm go ceann tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire de bhun *Chuid 15* den Acht, cibé acu is déanaí.

1.2 Ullmhú na Scéime

Forálann *Alt 12* den Acht go n-ullmhaíonn an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta treoirínte agus go n-eiseoidh sé iad chuig comhlachtaí poiblí mar chúnaimh i leith ullmhú dréachtscéimeanna. Dréachtaíodh an Scéim seo de réir na dtreoirínte seo.

Dréachtaíodh an scéim seo tar éis dul i gcomhairle le mic léinn, an bhfoireann agus luchtanna leasa ionadacha.

De réir na scéime, d'fhoilsigh an Institiúid fógraí poiblí chun aighneachtaí a lorg maidir le hullmhú na dréachtscéime ó pháirtithe leasmhara ar bith.

Tugadh cuireadh do roinnt eagraíochtaí chun aighneachtaí a chur isteach. Ag an am céanna iarradh ar an bhfoireann agus na mic léinn a gcuid tuairimí a léiriú maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Bunaíodh grúpaí fócais mhic léinn chun tuairimí a bhailiú. Lena chois sin tugadh cuireadh do na príomh-luchtanna leasa/príomhchustaiméirí aighneachtaí a chur isteach. Glactar tuairimí éagsúla na luchtanna leasa thuas san áireamh sa scéim.

1.3 Cumas Teanga

Is trí Bhéarla a chuirtear formhór na seirbhísí ar fáil in ITT i gcónaí. Tá líon na mball foirne san Institiúid a bhfuil cumas Gaeilge labhartha acu teoranta agus is lú fós líon na mball foirne a bhfuil cumas scríofa acu. Tá a lán dea-mhéin i gceist áfach, maidir le cur chun cinn na Gaeilge, chomh maith leis an tuairim gur chóir an obair seo a spreagadh le tacaíocht agus tionscnaimh dhearfacha réamhghníomhacha.

1.4 Forbhreathnú ar ITT

1.4.1 An Institiúid

Institiúid Teicneolaíochta is ea ITT atá suite ar dhá champas i nDrom Tóchair agus sa Chlais i dTrá Lí. Osclaíodh an Campas Thuaidh i nDrom Tochair i mí Mheán Fómhair 2001 agus tá an méid seo istigh ann: Foirgneamh Gnó/TF; Foirgneamh Óstáin, Lónadóireachta & Turasóireachta; Lárionad Staidéar Altranais & Cúram Sláinte; Leabharlann; Lárionad Gnó Tom Crean agus Páirceanna Imeartha Féir Uile-Aimsire. Tá Eolaíocht & Innealtóireacht suite ar an gCampas Theas mar aon leis na feidhmeanna riaracháin is tábhachtaí. In aice an Champais Thuaidh tá Páirc Teicneolaíochta Chiarraí ina bhfuil tuairim is 16 eagraíocht lonnaithe a fhostaíonn 200 duine nach mór. Tá dlúth-idirghníomhú idir Páirc Teicneolaíochta Chiarraí agus IT, Trá Lí.

Tá Acadamh Spóirt Chiarraí ar Champas Thuaidh na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí, dar luach €16.5 milliún beagnach críochnaithe. Tá sé i gceist é a oscailt i mí Eanáir 2019 agus beidh na háiseanna seo a leanas lonnaithe ann:

- Cathair an EOECNA i gCorpoideachas, Spórt, Aclaíocht agus Áineas Cuimsitheach;
- Lárionad Náisiúnta um Ghníomhaíocht Coirp Oiriúnaithe - CARA;
- Cláracha Sláinte agus Fóillíochta ag IT, Trá Lí;
- Lárionad Sármhaitheasa Chiarraí;
- Comhaltas Ceoltóirí Éireann – Ceanncheathrú.

Tá réimse leathan cláracha staidéir á dtairiscint ag ITT i Staidéar Gnó, Innealtóireacht, Eolaíocht, Ríomhaireacht, Daonnachtaí, Óstán & Lónadóireacht agus in Altranais & Eolaíochtaí Sláinte. Tá tuairim is 3,000 mac léinn (coibhéis lánaimseartha) ar chláracha staidéir lánaimseartha, ceirde, ACCS (Carnadh Creidiúintí agus Teastasú Ábhar), agus ar chláracha staidéir páirtaimseartha mar aon le breis is 350 ball foirme aici. Tacaíonn sí ar bhonn tráchtála, trína hOifig Forbraíochta, le Nuálaíocht, Fiontraíocht, Taighde, Comhairleoireacht agus Forbairt Réigiúnach sa réigiún a bhfuil an Institiúid ag freastal air.

De réir téarmaí Alt 29 agus 30 d'Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999, tá údarás tarmhligthe ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí faoi láthair ón gComhairle Ardoideachais agus Oiliúna (CDAOO) chun dámhachtainí a bhronnadh maidir le cláracha múinte den Leibhéal 6, 7, 8, agus 9 de Chreatlach Náisiúnta na gCáilíochtaí ón bhliain acadúil 2004/05 ar aghaidh.

1.4.2 Ráiteas Misin agus Físe

Is é ráiteas misin ITT ná:

'Sármhaitheas a bhaint amach i dteagasc, taighde agus obair forbraíochta ar mhaithe le mic léinn, tionscal agus leis an bpobal i gcoitinne.'

Dhein Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí comóradh 40 bliana in 2017 agus í ag féachaint siar ar bhreis is daichead bliain de sholáthar teagasc, taighde agus forbartha i Réigiún an Iar-Dheiscirt agus níos faide anonn.

Glacadh le ráiteas físe anuas ar ráiteas misin na hInstitiúide, mar seo a leanas:

"Is é ról na hInstitiúide, i gcreatlach forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta san ardoideachas san Aontas Eorpach agus i stáit ECFE i gcoitinne araon, ná an méid seo a leanas a chur ar fáil:

- Ar shlí éifeachtúil agus éifeachtach
- I dtimpeallacht ina bhfuil dóthain acmhainní agus tacaíocht ar fáil
- I gcreatlach ina bhfuil comhionannas deise

cláracha teagaisc, taighde agus gníomhaíochtaí forbraíochta il-leibhéil a bhfuil teacht éasca orthu agus a:

- fhorbraíonn tuiscint dhomhain ar an réimse staidéir roghnaithe;
- inniúlacht a fhorbairt a chuireann ar chumas daoine smaoinemh go criticiúil agus léann acadúil a chothú;
- soláthar a dhéanamh d'oiliúint agus forbairt leanúnach ar scileanna gairmiúla, bainistíochta, praiticiúla agus teicniúla;
- deiseanna a thabhairt do mhic léinn agus foireann na hInstitiúide fás aigne agus pearsan a bhaint amach;
- dámhachtainí a chur ar fáil a bhfuil aitheantas orthu sa tír seo agus thar lear;
- cur leis an mbunachar eolais agus daonna atá ag teastáil ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an Stáit i gcoitinne, agus go háirithe an réigiún a bhfreastalaíonn an Institiúid air, agus comhoibriú agus obair as láimh a chéile le heagraíochtaí eile a bhfuil misin den chineál céanna acu;
- iad a bheith ar ardchaighdeán cáilíochta agus suaitheantas na sármhaitheasa a bheith acu.”

1.4.3 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad na mic léinn príomhchustaiméirí na hInstitiúide, ag a bhfuil dualgas cúraim ar leith aici dóibh, an Bord Rialaithe, an fhoireann agus an réigiún ar a bhfreastalaíonn an Institiúid. Lena chois sin bíonn an Institiúid ag idirghníomhú leis an bpobal i gcoitinne agus le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí eile lena n-áirítear:

An Roinn Oideachas & Eolaíochta, An tÚdarás Oideachais, Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, Institiúid Innealtóirí na hÉireann, TEAGASC, Institiúidí Teicneolaíochta/Ollscoileanna eile; Institiúidí Ardoideachais eile; Meánscoileanna; Údarás Áitiúla; An tÚFT; Údarás na Gaeltachta; Fáilte Éireann; Cumann Tráchtála agus Tionscail Thrá Lí, Ceardchumainn; Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann; Fiontar Éireann; FÁS; An Foras Riaracháin; Foras Bainistíochta na hÉireann; An Chomhairle Oidhreachta; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí; Siamsa Tíre agus soláthraithe socrúcháin Oibre.

1.4.4 Measúnú ar an méid ina bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge cheana féin

Is é príomhfheidhm na hInstitiúide ná cláracha ardcháilíochta oideachais a chur ar fáil trí Bhéarla (agus líon beag cúrsaí a thairgeann an Ghaeilge de réir éilimh) dá gcuid mic léinn agus is mar sin a bheidh an scéal amach anseo chomh fada agus is féidir linn a rá.

Tairgtear an Ghaeilge mar ábhar roghnach sna cláracha seo a leanas:

An Scoil Ghnó, Riomhaireachta agus Léinn Daonna

ISM

Teilifís/Raidió

Teicneolaíocht an Cheoil

Bainistiú Faisnéis Ghnó

Scoil na nEolaíochtaí Sláinte agus Sóisialta

Eolaíochtaí Sóisialta: Cúram agus Oideachas Luathóige

Cuirtear seirbhísí don bpobal i gcoitinne, do luchtanna leasa agus do ghníomhaireachtaí eile ar fáil trí Bhéarla faoi láthair go huile agus go hiomlán, nach mór.

1.4.5 Feidhmeanna agus Ranna

<u>Réimse Feidhme</u>	<u>Roinn</u>
Gnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora	Riarachán Acadúil Seirbhísí do Mhic Léinn Scrúduithe Leabharlann
Taighde, Forbairt agus Teagmháil Sheachtrach	Cúrsaí tionscail / Caidrimh Taighde Oideachas Aosach & Leanúnach Forbairt Fiontair agus Gor
An Scoil Ghnó, Ríomhaireachta agus Léinn Daonna	Staidéar Gnó Ríomhaireacht Meáin Chruthaitheacha agus Teicneolaíocht Faisnéise Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
Scoil na hEolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta & Matamaitice	Innealtóireacht Shibhialta agus Staidéar Foirgníochta Innealtóireacht Talmhaíochta agus Déantúsaíochta Rannóg na bPrintíseach Na hEolaíochtaí Bitheolaíochta agus Cógaisíochta
Scoil an Staidéar Sláinte agus Sóisialta	Altranas agus Staidéar Cúram Sláinte Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Léann Daonna agus Eolaíocht Shóisialta
Gnóthaí Corparáide	Airgeadas Acmhainní Daonna Seirbhísí TF Eastáit Oiliúint & Forbairt Foirne Riarachán & Rúnaíocht
Oifig um Fhorbairt Straitéiseach	Pleanáil Straitéiseach Oifig Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) MIS

Caibidil 2

Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na hInstitiúide

Sa chaibidil seo leagtar amach an réim teangacha oifigiúla atá á hoibriú ag an Institiúid maidir le soláthar ginearálta a cuid seirbhísí.

Faoi dheireadh na scéime seo leanfar de chumarsáid reatha na hInstitiúide leis an bpobal i gcoitinne maidir le gnáthfhaisnéis faoina cuid seirbhísí a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon trí:

- Bileoga eolais agus bróisiúir
- Foilseacháin
- Suíomh gréasáin - eolas ginearálta stadach
- Preaseisiúintí maidir leis an nGaeilge, nó ábhair a bhaineann léi

Cuirfear na doiciméid seo ar fáil go dátheangach laistigh den gclúdach céanna ach amháin mura féidir sin a dhéanamh de bharr toise, nádúir nó leagan amach an ábhair.

Doiciméadú a eisítear do na mic léinn

Le linn saolré na scéime seo níl sé beartaithe na foirmeacha seo a leanas a eisiúint go dátheangach:

- Foirmeacha clárúcháin do chúrsaí céad bhliana
- Sainlitreacha Cúrsa a bhaineann le cláracha céad bhliana
- Mionsonraí faoin gclár treoirshuímh
- Doiciméadú a chuireann tríú páirtithe ar aghaidh chugainn chun é a thabhairt do mhic léinn céad bhliana (foirmeacha Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána, srl.)

Leanfar de gach foirm iarratais nua mar aon le hábhar a ghabhann léi a fhoilsíonn an Institiúid a chur ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla laistigh d'aon doiciméad amháin.

Má chuirtear foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil i leaganacha Gaeilge agus Béarla ar leithligh cinnteoidh an Institiúid go dtabharfar an fheiceálacht céanna don dá leagan agus go mbeidh teacht chomh éasca ar an leagan Gaeilge agus atá ar an leagan Béarla.

Beidh bileoga eolais/bróisiúir atá dírithe ar an **margadh Idirnáisiúnta** i mBéarla amháin i gcónaí.

Doiciméadú Ginearálta

An Réamheolaire

Tá an tEolas ginearálta i mBéarla agus i nGaeilge.

Lámhleabhar na Mac Léinn

Tá an t-eolas tosaigh i Lámhleabhar na Mac Léinn i mBéarla agus i nGaeilge.

An Leabhrán Bronnadh na gCéimeanna:

Tá an t-eolas ginearálta i Leabhrán Bronnadh na gCéimeanna i mBéarla agus i nGaeilge araon.

I réimsí eile

Preaseisiúintí

Eiseofar gach preaseisiúint maidir leis an nGaeilge nó an nGaeltacht go dátheangach agus go comhuaineach ar feadh tréimhse na scéime ó thosach na scéime. Lena chois sin eiseofar 15% de na preaseisiúintí eile in aghaidh na bliana go dátheangach agus go comhuaineach ar feadh tréimhse na scéime ar fad.

Suíomh Gréasáin - Eolas Ginearálta

Beidh eolas stadach ginearálta don bpobal ar fáil go dátheangach ar an suíomh gréasáin. Coinneoidh an Institiúid an 25 leathanach gréasáin is mó a dtugtar cuairt orthu mar leaganacha dátheangacha. Deineadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide le déanaí agus aistríodh agus / nó athraíodh na struchtúir roghchláir. Tá an t-inneachar Gaeilge á thabhairt cothrom le dáta i láthair na huaire. Aistreofar suíomh gréasáin na Leabharlainne chuig ardán nua i gcaitheamh na míonna seo chugainn, leis.

Coinneofar na codanna seo a leanas ar an suíomh idirlíon i mBéarla le linn na scéime seo:

- Codanna atá dírithe ar lucht éisteachta idirnáisiúnta
- Codanna sain-nádúir theicniúil
- Cláracha staidéir atá bunaithe ar an ngréasán (ach amháin cláracha Gaeilge. Beidh siad siúd ar fáil trí Ghaeilge).
- Codanna a bhaineann le cláracha atá ann cheana nó le cláracha nua (ach amháin iad siúd atá ar fáil trí Ghaeilge).
- Gearrthóga nuachtáin sa teanga inar foilsíodh iad.
- Naisc ghréasáin & naisc fráma
- Inneachar dinimiciúil a aisghabháladh as bunachair shonraí

Seirbhísí Idirghníomhacha ar líne

Tá seirbhísí idirghníomhacha ar líne do chúrsaí Páirt-aimseartha agus d'Alumni dátheangach. Cuirtear leagan dátheangach den leathanach idirghníomhach chun Comhdhálacha a chur in Áiríthe ar fáil más féidir ach é a iarraidh. Tabharfar seirbhísí idirghníomhacha nua eile isteach go dátheangach más féidir sin a dhéanamh ó thaobh teicneolaíochta de.

Suíomh gréasáin na Leabharlainne

Tá roghanna chun eolas dátheangach a fháil i roghchlár Suíomh Gréasáin na Leabharlainne ag <http://www.ittralee.ie/en/Leabharlann/Eolas/>. Aistreofar suíomh gréasáin na Leabharlainne chuig ardán nua sna míonna seo chugainn ach coinneofar láithreach ar Phríomhshuíomh na hInstitiúide chomh maith. Tabharfar inneachar Gaeilge an tsuímh cothrom le dáta dá réir. Lena chois sin tá naisc chuig bunachair shonraí liostála mar aon le heolas breise agus acmhainní tacaíochta ar leathanach Gréasáin na Leabharlainne.

An Córas Bainistíochta Leabharlainne agus an Chatalóg (OPAC)

Úsáidtear Catalóg na Leabharlainne nó OPAC chun ábhair sa leabharlann a chuardach ar líne. Mar thoradh ar ghlaoch náisiúnta ar thairiscintí in Earnáil na hInstitiúidí Teicneolaíochta a

d'éascaigh EduCampus, d'athraigh an Córas Bainistíochta Leabharlainne a bhfuil OPAC mar chuid de chuig Córas Bainistíochta Leabharlainne Foinse Oscailte nua darb ainm KOHA. Cuirfear roghanna roghchláir chuardaigh na Catalóige ar fáil i nGaeilge ar an gcóras nua KOHA.

Séanadh Ríomhphoist

Tá séanadh maidir le cumarsáid ríomhphoist dátheangach i láthair na huaire.

Óráidí nó ráitis

Ó thosach na scéime cuirfear óráidí nó ráitis ar fáil sa teanga/sna teangacha ina seachadtar iad.

Tabharfaidh ITT feiceálacht chuí don nGaeilge ag príomhócáidí ar nós searmanais bhronnta trí cuid d'aithisc, mar shampla aitheasc an Uachtaráin agus aitheasc Chathaoirleach an Choiste Rialaithe, a thabhairt i nGaeilge agus i mBéarla.

Seirbhísí Deasc Fáiltithe/Lasc-chláir

Le linn na scéime ar fad beidh an Institiúid ag oibriú lasc-chlár freastalaí uathoibríoch a liostálann roghanna as Gaeilge. Cinnteoidh an Institiúid go bhfógróidh an t-oibreoir ainm na hInstitiúide as Gaeilge, go mbeidh na beannachtaí bunúsacha ar eolas aige/aici agus go gcuirfear glaonna as Gaeilge ar aghaidh chuig ball foirne ainmnithe a bhfuil ar a c(h)umas an fiosrú a phlé trí Ghaeilge.

Foilseacháin eile de chuid na hInstitiúide

Gabhann an Institiúid uirthi foirmeacha um dhearbhu leasa do Bhaill an Choiste Rialaithe agus don Bhainisteoir a chur ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon i gcomhair na scéime. De réir forálacha ailt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cuirfear an Plean Straitéiseach, Tuarascáil Bhliantúil srl. ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge araon, chomh maith.

Beartas maidir le Cruinnithe Poiblí

Ní reáchtálann an Institiúid cruinnithe poiblí sa Ghaeltacht faoi láthair agus reáchtálann sí a cuid cruinnithe poiblí ar fad trí Bhéarla.

Logainmneacha Gaeltachta

Úsáidfidh an Institiúid logainmneacha oifigiúla ceantair Ghaeltachta chun críocha oifigiúla.

Caibidil 3

Achoimre ar Sheirbhísí / Gníomhaíochtaí arna Soláthar ag Rannóga

3.1 Réamheolas

Sa Chaibidil seo leagtar amach an cás i ndáil le soláthar seirbhíse/idirghníomhú seachtrach na Ranna laistigh den Institiúid agus leis an bpobal i gcoitinne. Liostáiltear na réimsí tosaíochta ina ndéanfar gníomh faoin scéim seo.

3.1.1 Tosaíocht le haghaidh na Scéime seo

Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sa scéim seo:

- Leanúint orainn ag cur le cumas na hInstitiúide seirbhíse a chur ar fáil dár gcustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla.
- Déileálfar le Ceisteanna Ginearálta i nGaeilge laistigh de na rannóga Iontrála agus Scrúdaithe in Oifig an Chláraitheora ó thosach na scéime. Cuirfear oiliúint leanúnach ar fáil don bhfoireann de réir mar ais gá.
- Feasacht na foirne ar an scéim a ardú trí réamheolas a thabhairt dóibh agus cumarsáid rialta a dhéanamh ina taobh.
- Leanúint orainn ag cur le cumas Gaeilge agus léirthuisicint na foirne ar an nGaeilge trí oiliúint agus forbairt
- Leanúint orainn seirbhíse do mhic léinn a fhorbairt trí dhoiciméadú dátheangach agus seirbhís theoranta ó bhéal i réimsí ainmnithe.
- Leanúint orainn ag méadú líon na gcúrsaí (faoi réir éilimh) a mbeidh ar chumas na gcéimithe a thagann astu a gcuid oibre a chomhlíonadh trí Ghaeilge go cumasach.

3.1.2 Sainghníomh & Saintionscnaimh

Le linn saolré na scéime seo déanfar obair ullmhúcháin d'fhonn tabhairt faoin gceist maidir le soláthar seirbhíse ardchaighdeáin duine e duine do chustaiméirí go ginearálta, go háirithe ó Oifig an Chláraitheora, sa scéim seo agus i scéimeanna ina diaidh.

- I dtábla A thíos sonraítear na foirmeacha, bileoga agus doiciméadú eile a chuirfear ar fáil ó Oifig Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora, ó Oifig an Uachtaráin, ó Oifig Ghnóthaí Corparáide agus ón Leabharlann.
- Tabhairt isteach foirmiúil na Gaeilge ag aitheasc an Stiúrthóra chuig an bhfoireann i mí Mheán Fómhair
- Tá sé i gceist againn leas a bhaint as an rath atá ar na ranganna TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) atá á ndeimhniú ag ONÉ Mhaigh Nuad agus a bhí ar siúl againn thar 20 seachtain sa bhliain acadúil 2016/17. Cuireadh Ranganna Gaeilge (agus Measúnú Gaeilge) ar fáil d'fhoireann uile na hInstitiúide a léirigh suim ann. Ar an iomlán léirigh breis is daichead ball den bhfoireann suim sna ranganna agus d'fhreastail tríocha ball foirne ar mheasúnú teanga. Sannadh baill foirne ar ranganna ag na leibhéil A2, B1 agus B2. D'éirigh roinnt daoine as ach d'fhreastail 22 bhall foirne ar na ranganna go rialta ar feadh 2 uaire sa tseachtain thar 20 seachtain. Tháinig baill foirne ó gach réimse den Institiúid: acadúil, riaracháin, leabharlann agus teicniúil. Rinne an Institiúid éascaíocht dóibh chun freastal ar ranganna - le linn am oibre. D'fhreastail cúigear baill foirne déag ar an measúnú ag deireadh na bliana. D'éirigh le

triúr déag as an líon sin. Bhain seisear baill foirne B2 amach, bhain triúr baill foirne B1 amach, agus bhain ceathrar baill foirne A2 den TEG amach.

- Tá sé i gceist ag an Institiúid leanúint uirthi oiliúint Ghaeilge a chur ar fáil d'fhoireann na hInstitiúide. Tá de rún againn cúrsaí ag an leibhéal idirmheánach uachtarach ag leibhéal TEG B2 a chur ar siúl in 2018/19 as a leanfaidh ardchúrsaí TEG C1 an bhliain dar gcionn. Reáchtálfar an cúrsa i gcomhar le Comhairle Chontae Chiarraí agus Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí. Beidh baill foirne ón trí eagraíocht ag freastal ar chúrsa le chéile a bheidh á óstáil ag an Institiúid. Beidh deireadh seachtaine sa Ghaeltacht ag gabháil leis an gcúrsa, leis.
- Lucht acadúil/cainteoirí a aimsiú le haghaidh agallamh raidió/teilifise trí Ghaeilge, m. sh. TG4, Raidió na Gaeltachta, Radio Kerry
- Oiliúint cumarsáide i nGaeilge a chur ar fáil do na cainteoirí seo.
- Deontaisí a chur ar fáil do bhaill foirne a ghlacann páirt i gCúrsaí Gaeleagrais sa Ghaeltacht.
- Foclóir Gaeilge/Béarla a chur ar fáil.
- Tairiscintí: ó thosach na scéime glacfaidh an Institiúid le tairiscintí i nGaeilge agus i mBéarla.
- Ó thosach na scéime cuirfidh an Leabharlann téacsleabhair Gaeilge agus ábhar foghlama bainteach ar fáil.

Tábla A Gealltanais maidir le doiciméadú scríofa i nGaeilge a thabhairt isteach

Réimse	Teideal an doiciméid	Dáta
Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla agus an Cláraitheoir	Réamheolaire (Codanna an Eolais Ghinearálta)	Tosach na scéime
Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla agus an Cláraitheoir	Lámhleabhar na Mac Léinn (Eolas Tosaigh)	Tosach na scéime
Leas-Uachtarán Gnóthaí Acadúla agus an Cláraitheoir	Leabhar Bronnadh na gCéimeanna (Cuid an Eolais Ghinearálta)	Tosach na scéime
Uachtarán	Plean Straitéiseach	Tosach na scéime
Leas-Uachtarán Gnóthaí Coparáide	Tuarascáil Bhliantúil	Tosach na scéime
Leas-Uachtarán Gnóthaí Coparáide	Foirmeacha um Dhearbhú Leasa do Bhaill den gCoiste Rialaithe agus don Bhainisteoir	Tosach na scéime
Leabharlannaí	Treoirleabhar Ginearálta na Leabharlainne	Tosach na scéime
Leabharlannaí	An Chatalóg a Chuardach	Tosach na scéime
Leabharlannaí	Do chuid leabhair a athnuachaint ar líne	Tosach na scéime

3.1.3 Tacaíochtaí Eile

Tá Cumann Gaelach bunaithe againn chun imeachtaí éagsúla a eagrú chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá torthaí maithe air seo maidir le cur chun cinn na Gaeilge san Institiúid. Faigheann an Cumann maoiniú bliantúil ón Institiúid agus cuireann sé tuarascáil bhliantúil isteach mar chuid dá ghníomhaíochtaí. Eagraíonn an grúpa seo imeachtaí ó cheann ceann na bliana agus le linn Seachtain na Gaeilge. Tá fáilte roimh bhaill foirne agus mic léinn araon sa chlub seo. Reáchtáiltear imeachtaí ar nós maidineacha caife, imeachtaí sóisialta srl:

Cuireann an Cumann Gaelach an Ghaeilge chun cinn trí:

- Saorálaithe a lorg ar fud na hInstitiúide chun seirbhísí a chur ar fáil agus cabhrú chun an scéim a chur i ngníomh agus chun acmhainní a chur ar fáil do bhaill foirne (m.sh. Foclóirí Gaeilge srl.).
- Roghanna oiliúna a phlé le baill foirne a bhfuil suim acu agus cláracha forbraíochta a mholadh a chuireann an Ghaeilge chun cinn in ITT.
- An Ghaeilge labhartha a chur chun cinn san Institiúid.
- I gcomhar leis an Institiúid freastal agus oiliúint don bhfoireann a chur chun cinn nuair a bhíonn an bhéim ar scileanna labhartha agus éisteachta, agus aird a dhíriú ar scríobh na Gaeilge, leis.
- Feasacht teanga a chur san áireamh mar chuid den ionductú bliantúil do bhaill foirne nua.
- Creidiúnú a chur ar fáil mar is cuí maidir le cúrsaí a glacadh.
- Feidhmeanna éagsúla a eagrú chun aitheantas a thabhairt dár gcultúr agus ceiliúradh an chultúir a chur chun cinn.
- Éascaíocht a dhéanamh do bhaill foirne/mic léinn chun a n-ainmneacha Gaeilge a úsáid.

Forbairt ghairmiúil leanúnach

Tá an Institiúid le seisiún ceardlainne d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a reáchtáil chun scileanna foirne a fhorbairt maidir le seirbhísí acadúla a sheachadadh trí Ghaeilge agus maidir le hobair na mac léinn a chur ar aghaidh trí Ghaeilge.

3.2 Oifig Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora

3.2.1 Seirbhísí Acadúla (Oifig Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora)

Tá an Oifig Ghnóthaí Acadúla agus an Chláraitheora freagrach as micléinn a earcú, a ghlacadh isteach, a chlárú agus a mheas. Is í an chéad phointe teagmhála í do chustaiméirí nua agus chustaiméirí ionchasacha. Cuireann an Oifig cúrsaí chun cinn, eagraíonn sí cuairteanna scoile agus déanann sí an Réamheolaire agus Lámhleabhar na Macléinn. Déanfar éascaíocht do chustaiméirí ar bith ar mian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

3.2.2 An Leabharlann

Treoir na Leabharlainne

Beidh Treoir Ghinearálta na Leabharlainne dátheangach i gcónaí. Cuireann an leabharlann réimse bileoga eolais dátheangacha amach mar aon le Treoir Ghinearálta na Leabharlainne.

3.3 An Oifig Taighde, Forbartha & Teagmhála Seachtraí

3.3.1 Roinn na Seirbhísí Seachtracha

Tacaíonn Roinn na Seirbhísí Seachtracha le hoiliúint agus comhairleoireacht, le haistriú teicneolaíochta agus le forbairt pobail. Bíonn an Roinn seo i dteagmháil le gníomhaireachtaí forbartha, eagraíochtaí trádála agus gairme agus le grúpaí ionadaíochta dá leithéid.

Dá mba rud é go raibh gá le hoiliúint nó le seirbhís comhairleoireachta trí Ghaeilge sannfar baill foirne a bhfuil Gaeilge acu don obair.

3.3.2 Taighde

Scaipeann an Oifig Forbraíochta eolas faoi chláracha taighde. Tacaíonn sí le tograí taighde, earcú taighdeoirí agus de bhreis air seo deineann sí monatóireacht agus bainistiú ar thosnú, dhul chun cinn agus chríochnú cláracha. Tacaíonn sí le hinniúlacht taighde a chur chun cinn. Dá mba rud é go raibh an Ghaeilge ina riachtanas inmhianaithe i dtogra taighde luafar í mar riachtanas agus taighdeoirí á n-earcú i gcomhair a leithéid de thograí, laistigh de chreatlach na nósanna imeachta earcaíochta náisiúnta comhaontaithe

3.3.3 Oideachas Aosach agus Leanúnach

Is é a dhéanann an roinn seo ná cúrsaí a fhógairt, oícheanta eolais a eagrú do mhic léinn ionchasacha agus do chuideachtaí agus cuireann sí le chéile Réamheolaire Oideachas Aosaigh Leanúnach.

3.3.4 Seirbhísí Acadúla (An Oifig Forbraíochta)

Leanfar de bheith ag cur ar fáil cuairteanna scoile ar an nGaeltacht agus ar Ghaelscoileanna i gceantair nach Gaeltachtaí iad, agus cuirfear an Ghaeilge chun cinn go gníomhach.

3.4 Na Scoileanna Staidéir

Is iad an trí Scoil Staidéir atá i mbun formhór de ghníomhaíochtaí na hInstitiúide. Laistigh de struchtúr roinne cuirtear cúrsaí ar fáil i réimse leathan disciplíní, go garbh faoi na cheannteidil chineálacha seo a leanas: Gnó, Ríomhaireacht & Daonnachtaí; Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht & Matamaitic; agus Eolaíocht Sláinte agus Shóisialta.

I láthair na huairé múintear na cláracha staidéir ar fad trí Bhéarla. Tairgtear an Ghaeilge mar ábhar roghnach má bhíonn dóthain éilimh uirthi. Mar thoradh ar mhéadú ar éileamh chuir an Institiúid an Ghaeilge mar ábhar roghnach leis an gCéim Bainistiú Faisnéise Gnó (Bliain 1-4) agus leis na hEolaíochtaí Sóisialta: Cúram Luathóige & Oideachas Déanfar monatóireacht bhliantúil ar an scéal agus tabharfar cúrsaí breise isteach de réir éilimh agus faoi réir maoiniú a bheith ar fáil i gcomhair seachadadh cúrsaí.

3.5 An Oifig Ghnóthaí Corparáide

3.5.1 Airgeadas

Tá an Oifig Airgeadais freagrach as gach ceannach agus íocaíocht a dhéanamh. Dá réir sin is í a fhógraíonn conarthaí, a fhaigheann doiciméid tairisceana, a íocann sonraisc agus tuarastail agus a ullmhaíonn na cuntaisí bliantúla. Glacann an Institiúid le tairiscintí i mBéarla agus i nGaeilge araon i láthair na huairé.

3.5.2 Acmhainní Daonna

Tá an roinn seo freagrach as folúntais foirne a fhógairt, foirmeacha iarratais agus sonrúcháin phoist a chur le chéile agus socraíonn sí agallaimh. Lena chois sin tacaíonn Roinn na nAcmhainní Daonna le sprioc na hInstitiúide arb í a chinntiú go mbeidh go leor deiseanna ag an bhfoireann na scileanna, an t-eolas agus an inniúlacht a shealbhú chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus chun a lánacmhainneacht a bhaint amach. Leanfaidh Roinn na nAcmhainní Daonna uirthi ag cur ar fáil deiseanna don bhfoireann a chabhróidh leo a gcumas seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge a chur chun cinn:

- Trí oiliúint Gaeilge a chur chun cinn go gníomhach
- Trí baill foirne le cumas Gaeilge a chur sna háiteanna cuí ar fud na hInstitiúide nuair a bhíonn éileamh air.
- Trí earcú trí Ghaeilge má bhíonn sainriachtanas ann, is é sin, modúil mhúinte a sheachadadh trí Ghaeilge.

Cuirfear gach ball foirne nua agus gach ball foirne reatha ar an eolas faoi dheiseanna forbartha chun a gcumas Gaeilge a chur chun cinn.

3.5.3 TF

Cuireann Roinn na Seirbhísí Ríomhaireachta seirbhísí TF agus cumarsáide ar fáil don Institiúid.

De bharr go soláthraítear mórchuid na bhfeidhmchláracha ó chuideachtaí tríú páirtí tá roinn na seirbhísí ríomhaireachta ag brath ar na cuideachtaí seo maidir le leagan Gaeilge dá mbogearra/córas a chur ar fáil.

Nuair a bheidh córais nua á gceannach ag an Institiúid áfach, nó nuair a bheidh córais reatha á n-uasghrádú aici cinnteoidh sí go mbeidh siad in ann glacadh le Gaeilge agus dá réir sin aithneoidh sí gur gá soláthar a dhéanamh i sonrú na gcóras gur féidir leo tacú le Gaeilge.

Le linn tréimhse na Scéime reatha tabharfar córais nua ríomhaire isteach san dá theanga go comhuaineach má tá smacht ag IT, Trá Lí orthu. Le linn na tréimhse céanna cuirfear rogha Gaeilge le córais ríomhaire reatha ar bith a dhéanfar a uasghrádú más rud é go bhfuil sé ar fáil i mBéarla amháin.

3.5.4 Oifig na nEastát

Cuireann Roinn na nEastát amach doiciméadú tairisceana do chonarthaí tógála agus cothabhála agus ina theannta sin tá sí freagrach as comharthú.

3.6 An Oifig um Fhorbairt Straitéiseach

Tá an Oifig um Fhorbairt Straitéiseach freagrach as Pleanáil Straitéiseach, MIS agus togra Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan faoina bhfuil stádas Ollscoil Teicneolaíochta á lorg ag IT, Trá Lí i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí mar aonán cumaiscthe.

Caibidil 4

Monatóireacht & Athbhreithniú

Coinneoidh an Grúpa Bainistíochta Sinsearach san Institiúid súil ar oibriú éifeachtach na scéime. Coinneofar taifead ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil. Is é an Cláráitheoir a dhéanfaidh monatóireacht ó lá go chéile ar fheidhmiú na scéime. Is é atá freagrach as cur i ngníomh na scéime in Oifig an Chláráitheora.

Sa scéim leagtar amach na spriocanna atá curtha roimpi ag ITT maidir leis an chéad tréimhse trí bliana agus léiríonn sí na réimsí tosaíochta. Is í foireann Bainistíochta Shinsearach na hInstitiúide a bheidh freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú.

Athbhreithithe

Déanfar athbhreithniú ar an scéim go tráthrialta.

Caibidil 5

Foilsíú na Scéime Comhaontaithe

Foilseofar inneachar na scéime seo mar aon le gealltanais agus forálacha na scéime don bpobal i gcoitinne trí:-

- Preaseisiúint;
- Seoladh Oifigiúil na scéime;
- Í a scaipeadh ar na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí poiblí cuí;
- Suíomh gréasáin.

Cuirfear cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.